# CINNEADH (CBES) 2022/1314 ÓN gCOMHAIRLE

## an 26 Iúil 2022

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1277 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1277 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2021/1277 go dtí an 31 Iúil 2022. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 31 Iúil 2023.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/1277 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad míre d'Airteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2021/1277:

"Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí 31 Iúil 2023 agus coinneofar faoi shíor-athbhreithniú é. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. SÍKELA

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1277 ón gComhairle an 30 Iúil 2021 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin (IO L 277I, 2.8.2021, lch. 16).